

# PLEAN FORBARTHA CHONTAE CHORCAÍ 2022

## Ceisteanna Coitianta



Comhairle Contae Chorcaí  
Cork County Council

- ▶ **CAD É AN PLEAN FORBARTHA CONTAE 2022?**
- ▶ **CAD IAD NA DOICIMÉID AS A BHFUIL PLEAN FORBARTHA CHONTAE CHORCAÍ 2022 COMHDHÉANTA DÍOBH?**
- ▶ **CÉN ÁIT A BHFUIL DEIS AGAM AMHARC A FHÁIL AR NA DOICIMÉID FHOILLSITHE A GHABHANN LE PLEAN FORBARTHA CHONTAE CHORCAÍ 2022?**
- ▶ **CAD É AN BRABHSÁLAÍ LÉARSCÁILE AGUS CÉN ÁIT GUR FÉIDIR LIOM AMHARC A FHÁIL AR LÉARSCÁILEANNA AN PHLEAN FORBARTHA?**
- ▶ **AN FÉIDIR LIOM CÓIP DE PHLEAN FORBARTHA CHONTAE CHORCAÍ 2022 A CHEANNACH?**
- ▶ **AN FÉIDIR LIOM DOICIMÉID A ÍOSLÓDÁIL?**
- ▶ **CÉN ÁIT GUR FÉIDIR LIOM AMHARC A FHÁIL AR NA DOICIMÉID A GHABHANN LE PLEAN FORBARTHA CHONTAE CHORCAÍ, 2014?**

## **Cad é an Plean Forbartha Contae 2022?**

Is plean forbartha sé bliana ar mhaith leis an gContae é Plean Forbartha Contae Chorcaí 2022 agus iarracht á dhéanamh aige smaointeoireacht reatha Chomhairle Contae Chorcaí i dtaca le beartas pleanála a leagan amach chomh beacht agus gur féidir ag féachaint i dtreo léaslíne 2028. Leagtar amach sa phlean chomh maith an straitéis pleanála agus forbartha inbhuanaithe iomlán an chontae, nach mór di a bheith ag teacht le Creat Náisiúnta Pleanála 2018 agus le Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíochta Réigiún an Deiscirt agus le Plean Straitéiseach Cheantar Cathrach Chorcaí (MASP) 2020.

Beidh Plean Forbartha Chontae Chorcaí 2022 éagsúil ó Phlean Forbartha Contae 2014 i dtaca le dhá phríomhréimse:

- Bainfidh sé le teorainn riaracháin nua an chontae, tar éis síneadh a chur le teorainn na Cathrach.
- Tiocfaidh Plean Forbartha Chontae Chorcaí 2022, ó Luan 6 Meitheamh 2022, i gcomharba ar;
  - An bPlean Forbartha Contae, 2014.
  - Na 8 gcinn de Phleananna Ceantar Áitiúil, na gCeantar Bardasach a glacadh leo in 2017 (arna leasú).
  - Na 9 bPlean Forbartha Baile d'Iarbhailte na Comhairle Baile.

## **Cad iad na doiciméid as a bhfuil plean forbartha Chontae Chorcaí comhdhéanta 2022 díobh?**

Is Plean 6 Imleabhar é an Plean Forbartha Contae atá Glactha agus é leagtha amach mar seo a leanas:

- Imleabhar a hAon: Príomh-Ábhar Beartais (lena n-áirítear léarscáileanna beartais ar mhórskála) Caibidil(i) 1-19 móide aguisíní A go I
- Imleabhar a Dó: Oidhreacht agus Conláiste
- Imleabhar a Trí: Tuaisceart Chorcaí Caibidil 1 CB Mhainistir Fhear Maí agus Caibidil 2 CB Cheann Toirc Mhala)
- Imleabhar a Ceathair: Deisceart Chorcaí Caibidil 1 CB Charraig Uí Leighin agus Caibidil 2 CB an Chóibh, Caibidil 3 CB Oirthir Chorcaí agus Caibidil 4 CB Mhaigh Chromtha
- Imleabhar a Cúig: Iarthar Chorcaí Caibidil 1 CB Dhroichead na Bandan Chionn tSáile Caibidil 2 CB Iarthair Chorcaí
- Imleabhar a Sé: Tá Léarscáileanna Mionsonraithe (léarscáileanna beartais ar scála beag san áireamh) arb fáil ar Bhrabhsálaí Léarscáile an Phlean Forbartha Contae
- Comhstraitéis Tithíochta
- Tuarascálacha Comhshaoil – Ráiteas SEA, Measúnú Straitéiseach ar Bhaol Tuile agus Tuarascálacha Deireanacha ar Mheasúnaithe Cuí

## **Cén áit a bhfuil deis agam amharc a fháil ar na doiciméid fhoillsithe a ghabhann le Plean Forbartha Chontae Chorcaí 2022?**

Imleabha(i)r a hAon; a Dó; a Trí; a Ceathair; a Cúig den Phlean Glactha (cóip chrua nó formáid leictreonach), Léarscáileanna Imleabhair a Sé, an Chomhstraitéis Tithíochta agus Tuarascálacha Comhshaoil (formáid leictreonach amháin), is féidir iniúchadh a dhéanamh orthu ag na háiteanna seo a leanas:

1. Ar líne, uair ar bith ag <https://www.corkcoco.ie/en/cork-county-development-plan-2022-2028> at all times.
2. An Rannóg Pleanála, Urlár 1, Halla an Chontae, Corcaigh.
3. An Rannóg Pleanála, Teach Norton, An Sciobairín, Co. Chorcaí.
4. Oifig Roinne Chomhairle Contae Chorcaí, Annabella, Mala.
5. Leabharlann an Chontae agus Leabharlanna Brainse – Le do thoil cuir ceist ag do leabharlann áitiúil faoi uaireanta oscailte agus an méid ríomhairí atá ar fáil chun an fhoráid leictreonach a rochtain.

Má bhíonn aon cheist agat faoi ábhar beartais na ndoiciméad a bhaineann le rochtain a bheith agat orthu ag na háiteanna thuasluaite, téigh i dteagmháil le do thoil leis an Aonad um Beartas Pleanála ag [021-4285900](tel:021-4285900) nó trí ríomhphost a chur chuig [planningpolicyunit@corkcoco.ie](mailto:planningpolicyunit@corkcoco.ie) nó breathnaigh le do thoil ar an liosta de Cheisteanna Coitianta atá ar fáil ag <https://www.corkcoco.ie/en/cork-county-development-plan-2022-2028>.

## ***Cad é an brabhsálaí léarscáile agus cén áit gur féidir liom amharc a fháil ar léarscáileanna an Phlean Forbartha?***

Is í cuspóir an Bhrabhsálaí Léarscáile ná rochtain a thabhairt don phobal ar na leaganacha mionscála de léarscáileanna bheartais an phlean forbartha de na príomhléarscáileanna polasaí ar scála mór uile atá sa Phlean Forbartha, Imleabhar 1 “Príomhábhar Beartais” agus ag an am céanna faisnéis a sholáthar gnéithe oidhreachta agus comhshaoil atá liostaithe in Imleabhar 2 “Oidhreacht agus Taitneamhacht”. Tugann sé seo deis don phobal eolas níos fearr a fháil ar pholasaithe an phlean, conas a d’fhéadfadh siad dul i bhfeidhm ar an gcontae agus cabhrú leo aighneachtaí níos eolasaí a chur chun cinn i dtaca le cúrsaí pleanála.

## ***An féidir liom cóip de Phlean Forbartha Chontae Chorcaí 2022 a cheannach?***

Imleabhar a hAon; Imleabhar a Dó; Imleabhar a Trí; Imleabhar a Ceathair; Ní féidir ach Imleabhar a Cúig a cheannach. Cuir fiosruithe chuig an Aonad um Beartas Pleanála ag 021 4285900.

## ***An féidir liom doiciméid a íoslódáil?***

Is féidir – tá gach doiciméad a ghabhann leis an bPlean ar fáil mar PDFanna iníoslódáilte ar ár leathanach gréasáin. Tá siad sin le fáil ar ár suíomh gréasáin ag: <https://www.corkcoco.ie/en/cork-county-development-plan-2022-2028>.

## ***Cén áit gur féidir liom amharc a fháil ar na doiciméid a ghabhann le Plean Forbartha Chontae Chorcaí, 2014?***

Beidh cóip de Phlean Forbartha Chontae Chorcaí 2014, mar a leasaíodh, ar fáil ar líne ag <https://www.corkcoco.ie> ar feadh tamaill go fóill.





Comhairle Contae Chorcaí  
Cork County Council